**2010. M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-6) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán i mbun gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán ón ngreille thall (1-6). | |

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

1. **Siopa Poitigéara**
Ar oscailt 9.00 – 6.00

2. Timpeallán Romhat !
Géill Slí

3. **Stáisiún Traenach**
**Dúnta**
Seirbhís Bus in úsáid

4. **Bialann an Chaisleáin**
*"Bia Blasta den Scoth"*
Meán Lae go Meán Oíche

5. Ar Cíos
**Teach Saoire Cois Trá**
Fón 026 645127

6. **Ciúnas**
**Le do thoil**
**Scrúdú ar siúl anseo**


7. Éist
Le FM 102
"Raidió na Life"

8. ***Stáisiún Bád Tarrthála***
***Cheann Heilbhic***
*"Bí cúramach ar an uisce"*

9. Comharchumann Mhúscraí
**Glasraí Úra**
Díreach ón bhFeirm

10. Ospidéal na hOllscoile
**Ionad Éigeandála**
Cosc ar Pháirceáil anseo

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |































**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 mharc)

## Bord Soláthair an Leictreachais



Seán Ó hÉalaí,
Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 18.

An tIonad Traenála
Port Laoise,
Co. Laoise.

3 Bealtaine 2010

A Sheáin, a chara,

Go raibh maith agat as an bhfoirm iarratais agus an CV a chuir tú chugam ar 5 Aibreán, 2010. Feicim ón CV go bhfuil an Ardteistiméireacht déanta agat agus go bhfuair tú grád C sa Mhata agus san Fhisic.

Chuir tú iarratas isteach ar phost mar phrintíseach.

Ba mhaith le BSL tú a chur faoi agallamh Dé Máirt, 20 Iúil, ar a deich a chlog san ionad traenála ag an seoladh thuas.

Tosaíonn an cúrsa traenála i mí Mheán Fómhair. Caithfidh printísigh tréimhse trí seachtaine ar obair phraiticiúil agus ansin tréimhse ceithre seachtaine ag freastal ar Choláiste Teicneolaíochta. Faigheann gach printíseach liúntas beag in aghaidh na seachtaine. Leanann an traenáil ar feadh cúig bliana agus ansin bíonn an printíseach cáilithe mar leictreoir. Tá club sacair ag BSL agus cuirtear fáilte roimh phrintísigh ann. Chomh maith leis sin tá ionad spóirt ag BSL i mBaile Átha Cliath, ina bhfuil seomraí gleacaíochta agus linn snámha.
Is mise,
Nóirín Ní Chasaide
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna:**

**1.** Cén dáta ar scríobh Nóirín an litir seo?

| | |
|---|---|
| 5 Aibreán | |
| 3 Bealtaine | |
| 20 Iúil | |

**2.** Cén grád a fuair Seán sa Mhata san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**3.** Cá fhad a leanann an traenáil do phrintísigh?

| | |
|---|---|
| 3 Bliana | |
| 4 Bliana | |
| 5 Bliana | |

**4.** Cad atá ag BSL i mBaile Átha Cliath?

| | |
|---|---|
| Club Leadóige | |
| Ionad Spóirt | |
| Club Sacair | |

**5.** Cén post atá ag Nóirín Ní Chasaide?

| | |
|---|---|
| Leictreoir | |
| Printíseach | |
| Oifigeach Pearsanra | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

## Féile na hÉigse – Ceatharlach 2010



Gach samhradh bíonn Féile speisialta i gCeatharlach. I lár mhí an Mheithimh a bhíonn "Féile na hÉigse" ar siúl. Tagann cuairteoirí go Ceatharlach ó chian is ó chóngar chun sult agus taitneamh a bhaint as an bhféile seo. Bíonn ealaíontóirí de gach saghas ag glacadh páirte ann. Bíonn imeachtaí ar siúl trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Tá an réalta teilifíse Cynthia Ní Mhurchú ar Choiste na Féile. Anuraidh rinne TG4 clár speisialta faoin bhFéile. I mbliana beidh ranganna ealaíne ann do pháistí óga. Beidh ranganna céilí agus damhsa hip-hop ar siúl do na déagóirí. Léireofar drámaí agus scannáin gach oíche. Ag an deireadh seachtaine beidh ceardlann scríbhneoireachta ann do dhaoine fásta. Gach tráthnóna beidh taispeántas nó ceolchoirm ar siúl i lár an bhaile. Déanfaidh an grúpa "Buí Bolg" as Loch Garman taispeántas sráide tráthnóna Dé Sathairn. Beidh clár speisialta ann do Ghaeilgeoirí oíche Shathairn sa Ghael-Choláiste agus beidh tóraíocht taisce ag tosú ag Plás na Saoirse tráthnóna Dé Domhnaigh ar a sé a chlog.



**Bí Linn i gCeatharlach ─ Bí Linn i mbliana**

**Ceisteanna:**

**1.** Cén t-ainm atá ar an bhFéile i gCeatharlach?

| | |
|---|---|
| Fleá Cheoil | |
| Féile TG4 | |
| Féile na hÉigse | |

**2.** Cad a bheidh ar siúl do dhéagóirí le linn na Féile?

| | |
|---|---|
| Ranganna ealaíne | |
| Ranganna céilí | |
| Ranganna ceoil | |

**3.** Cén saghas ceardlainne a bheidh ann do dhaoine fásta?

| | |
|---|---|
| Ceardlann Drámaíochta | |
| Ceardlann Scannánaíochta | |
| Ceardlann Scríbhneoireachta | |

**4.** Cad as don ghrúpa "Buí Bolg"?

| | |
|---|---|
| Loch Garman | |
| Ceatharlach | |
| An Gael-Choláiste | |

**5.** Cathain a bheidh an tóraíocht taisce ar siúl?

| | |
|---|---|
| Tráthnóna Dé Sathairn | |
| Oíche Shathairn | |
| Tráthnóna Dé Domhnaigh | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

## An tríú fear marbh de bharr timpiste bóthair

Fuair tiománaí óg, trí bliana is fiche d'aois, bás ar an gcéad lá de Mheitheamh, ceithre mhí tar éis timpiste bóthair i mí an Mhárta seo caite.

Bhí triúr fear óg sa charr ag filleadh abhaile go Cill Chainnigh nuair a tharla an timpiste ar an mbóthar idir Port Laoise agus Mainistir Laoise. Maraíodh beirt fhear óg an oíche sin nuair a d'imigh an carr den bhóthar. Bhí sioc ar na bóithre sa cheantar. Sciorr an carr den bhóthar agus thiontaigh sé bunoscionn. Rinneadh smidiríní den charr nuair a bhuail sé crann ar thaobh an bhóthair.



Tháinig tiománaí bus ar láthair na timpiste deich nóiméad ina dhiaidh sin. Chuir sé fios ar an otharcharr ach faoin am sin bhí beirt sa charr marbh. Glaodh ar an mBriogáid Dóiteáin mar bhí na fir i bhfostú faoin gcarr. Bhí an tiománaí beo fós ach bhí sé gan aithne gan urlabhra. Tugadh díreach go dtí an t-ospidéal i gCill Chainnigh é ach níor tháinig sé chuige féin ina dhiaidh sin.

Ní raibh luas an chairr ró-thapa nuair a tharla an timpiste. Bhí crios sábhála ar gach duine sa charr agus ní raibh an tiománaí ar meisce. Ba léir, mar sin, gurbh í an aimsir ba chúis leis an timpiste thragóideach seo.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén mhí ar tharla an timpiste?

| | |
|---|---|
| Márta | |
| Bealtaine | |
| Meitheamh | |

**2.** Cárbh as do na fir óga sa charr?

| | |
|---|---|
| Cill Chainnigh | |
| Mainistir Laoise | |
| Port Laoise | |

**3.** Cé a chuir fios ar an otharcharr?

| | |
|---|---|
| Na fir óga | |
| Na Gardaí | |
| Tiománaí bus | |

**4.** Cé mhéad duine a maraíodh ar láthair na timpiste?

| | |
|---|---|
| Duine | |
| Beirt | |
| Triúr | |

**5.** Cad ba chúis leis an timpiste seo?

| | |
|---|---|
| An aimsir | |
| An t-ól | |
| Luas an chairr | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Cailín Ceolmhar



Cén uirlis cheoil is fearr leat? An giotár nó na drumaí? Cad faoin mbosca ceoil? Is annamh a roghnaítear an bosca ceoil. Agus is annamh a fheictear cailín ag seinm ar an uirlis sin. Ach tá clú agus cáil ar fud an domhain ar Sharon Shannon agus ar a bosca ceoil.

Rugadh Sharon i gContae an Chláir. Bhí tallann speisialta aici ó bhí sí óg. Sheinn an teaghlach ar fad ceol le chéile sa bhaile. Chuaigh Sharon ag seinm le banna ceoil i Meiriceá nuair a bhí sí ina déagóir. Tá cónaí uirthi i nGaillimh anois, áit a bhfuil a stiúideo féin aici.

Ní rac ná miotal trom a sheinneann Sharon ach ceol traidisiúnta, bunaithe ar thraidisiún na hÉireann agus ar thraidisiúin na cruinne.

Sheinn sí in Glastonbury agus sheinn sí don Uachtarán Bill Clinton in Washington. Rinne Gay Byrne clár speisialta fúithi i 1992, tar éis di an chéad albam a chur amach. Tá deich n-albam déanta aici anois agus daoine mar Adam Clayton, Mundy agus Steve Earle ag seinm léi. Sa bhliain 2008 bronnadh gradam Meteor uirthi agus bhí a halbam "Galway Girl" ag barr na gcairteacha ar feadh i bhfad.

**Gura fada buan í Sharon agus a cuid ceoil draíochta!**

**Ceisteanna:**

**1.** Cén uirlis cheoil a sheinneann Sharon Shannon?

| | |
|---|---|
| Drumaí | |
| Bosca ceoil | |
| Giotár | |

**2.** Cén áit ar rugadh Sharon Shannon?

| | |
|---|---|
| Co. an Chláir | |
| Co. na Gaillimhe | |
| Na Stáit Aontaithe | |

**3**. Cén saghas ceoil a sheinneann Sharon?

______________________________________________

**4.** Cé a rinne clár speisialta faoi Sharon i 1992?


| | |
|---|---|
| Adam Clayton | |
| Gay Byrne | |
| Bill Clinton | |

**5.** Cé mhéad albam atá déanta ag Sharon?

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 6 | |
| 10 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Gráinne Mhaol



Cé go bhfuair sí bás sa bhliain 1603, tá cuimhne fós ar Ghráinne Mhaol Ní Mháille. Ach cérbh í an laoch cáiliúil seo ar glaodh Banríon Chonnacht uirthi?



Rugadh Gráinne sa bhliain 1530. Nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois fuair sí an leasainm "Gráinne Mhaol" toisc gur ghearr sí an ghruaig fhada rua a bhí uirthi chun dul ar bord loinge lena hathair. Phós sí Dónall an Chogaidh nuair a bhí sí sé bliana déag d'aois. Nuair a fuair Dónall bás throid Gráinne i gcoinne na nGael agus na nGall. Leag sí cáin ar gach long a tháinig isteach i gcuan na Gaillimhe, thar chósta Mhaigh Eo nó thar chósta Shligigh. Bhí sí ina cónaí i gcaisleán ar Chliara, oileán ar chósta Mhaigh Eo.

Sa bhliain 1593 bhí Richard Bingham, Sasanach, ag iarraidh a cuid talaimh a bhaint di. Ach thug Gráinne Mhaol cuairt gan chuireadh ar an mBanríon Eilís. Sheol sí a long díreach go Greenwich i Londain. Bhuail Eilís le Gráinne agus bhí caint chairdiúil eatarthu. Sheol Gráinne ar ais go hÉirinn ansin go lánsásta. Bhí sí ina "Banríon" ar Chonnachta ina dhiaidh sin go dtí lá a báis.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén bhliain a rugadh Gráinne Mhaol?

| | |
|---|---|
| 1530 | |
| 1593 | |
| 1603 | |

**2.** Cén fáth ar ghearr Gráinne an ghruaig fhada rua a bhí uirthi?

______________________________________________

**3.** Cén aois a bhí Gráinne nuair a phós sí?

| | |
|---|---|
| Ceithre bliana déag | |
| Sé bliana déag | |
| Dhá bhliain is fiche | |

**4.** Cén áit a raibh Gráinne ina cónaí?

| | |
|---|---|
| Co. Mhaigh Eo | |
| Co. Shligigh | |
| Co. na Gaillimhe | |

**5.** Cé a bhuail le Gráinne in Greenwich?

| | |
|---|---|
| A hathair | |
| An Bhanríon Eilís | |
| George Bingham | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

# An Canaerí


Bhí éanadán ag Seán Ó Riain
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí ’na rang,
Darbh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an mballa.

B’ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar canann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach “sea, sea, sea,”
Is d’ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhan donn:
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire.

**Le Seán Mac Fheorais**



Éanadán





**Ceisteanna:**

**1.** Cad a bhí ag Seán Ó Riain?

| | |
|---|---|
| Canna | |
| Éanadán | |
| Rang | |

**2.** Cén t-ainm a bhí ar an “ngasúr deas”?

| | |
|---|---|
| Tadhg Ó Laoghaire | |
| Seán Mac Fheorais | |
| Seán Ó Riain | |

**3.** Cad a dhéanann gach canaerí?

| | |
|---|---|
| Canann sé | |
| Crochann sé | |
| Ritheann sé | |

**4.** Cad a d’ith an t-éan go craosach?

______________________________________________

**5.** Cén dath a bhí ar an éan sa deireadh?

| | |
|---|---|
| Buí | |
| Donn | |
| Dubh | |

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (120 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)


Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Cén rud a bheidh ar siúl?
Cén áit a dtosóidh sé?




Cén lá? Dáta? Am?
Táille iontrála?



Cé a chuirfidh tús leis an turas?




Cá rachaidh an t-airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **FREAGRA** chuig Phil agus abair:

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cén lá a fuair tú an cuireadh. | } | |
| - | Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann. | } | Pictiúr 1 |
| - | Go mbeidh tú ábalta dul ann. | } | |
| - | Conas a rachaidh sibh go Páirc an Chrócaigh. | } | Pictiúr 3 |
| - | Cad a dhéanfaidh sibh ag an gceolchoirm. | } | |
| - | Cén t-am a thiocfaidh sibh abhaile. | } | Pictiúr 4 |

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tusa ag obair san Ollstór Crua-Earraí seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint dó/di:

| | | |
|---|---|---|
| - Faoin **Ollstór** agus faoin **áit** a bhfuil an tOllstór suite | } | Pictiúr 1 |
| - Faoin **obair** a dhéanann tú san Ollstór (**trí phointe ag teastáil**) | } | Pictiúr 2 |
| - Faoi na **custaiméirí** a dhéanann siopadóireacht san Ollstór | } | Pictiúr 3 |
| - Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **am saor** agat | } | Pictiúr 4 |

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair mar gharraíodóir i gclub gailf. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
**[ Nóta:** Is tusa *Áine Bhreathnach* **]**

## *K-Club Chill Dara*
### Foirm Iarratais do phost mar Gharraíodóir

Ainm: *Áine Bhreathnach* Uimhir theileafóin ……………………..…………….

Seoladh: ………………………………………………………………………………………..............

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: ………………………………………………. Dáta Breithe: ……………………………………

Cén post atá agat faoi láthair? ………………………….………………………….……………...

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………………...

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin: …..………………………………………………

……………………………………………………………………………………….…………….

Luaigh **trí** spórt a d'imir tú ar scoil: …………….………………………………………………….

…………………………………..……………………………………………………………….

An bhfuil gairdín agat sa bhaile? ……..………..……………………………………………….

An féidir leat tarracóir a thiomáint? ……………………..……………………………………….

An mbeidh tú sásta tosú ag obair gach maidin ar a seacht a chlog? ……………………………………….

Ar imir tú Galf riamh? ……………………………………………………………………………...

Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: 21 Iúil ❑, 28 Iúil ❑, 4 Lúnasa ❑.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair ar Chúrsa Gailf.

___

___

___

___

___

___

___

___

Síniú *Áine Bhreathnach* Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Chaith tú "**Lá ar an Trá leis an gClub Óige"** an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Lá ar an Trá leis an gClub Óige




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag rothaíocht le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| faoin tuath | ag tafann | chabhraigh | ar ais ar an gcapall |
| marcach óg | geit | stop | áthas |

## EACHTRA A THARLA

**Leathanach Bán**

2010. M88A
DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (180 marc)

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán. | |

**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT – (180 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post a bheidh ag Sorcha ag deireadh an chúrsa?







**Ceist 1 (b)** Cá háit ar mhaith le Sorcha post mar bhainisteoir?

| | |
|---|---|
| An Fhrainc | |
| An Iodáil | |
| Gaillimh | |

**Ceist 2 (a)** Cén post atá ag Ciarán?



**Ceist 2 (b)** Cá dtéann Ciarán ar saoire i rith an gheimhridh?

| | |
|---|---|
| An Afraic Theas | |
| Cill Chainnigh | |
| Loch Garman | |


**Ceist 3 (a)** Cad a osclófar i gCluain Eois an mhí seo chugainn?





**Ceist 3 (b)** Cén folúntas atá san áit faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Dochtúir | |
| Banaltra | |
| Rúnaí | |

**Ceist 4** Cá bhfuil an bhean ag dul?




**Ceist 5** Cá bhfuil Oifig an Phoist? (Cuir tic sa bhosca ceart.)




**Tá an fear anseo**

**Ceist 6 (a)** Cén chaoi a mbeidh an aimsir don mhionmharatón Dé Domhnaigh?














**Ceist 6 (b)** Cé mhéad duine a bheidh páirteach sa mhionmharatón?

| | |
|---|---|
| 5,000 | |
| 10,000 | |
| 15,000 | |

**Ceist 7 (a)** Cén comórtas a bheidh ann an tseachtain seo chugainn?









**Ceist 7 (b)** Cé a bhronnfaidh na duaiseanna ag deireadh an chomórtais?

| | |
|---|---|
| An Leas-Phríomhoide | |
| Múinteoir Corpoideachais | |
| Rúnaí na Scoile | |

**Ceist 8 (a)** Cén cúrsa a chuirfidh FÁS ar siúl i Leitir Ceanainn?













**Ceist 8 (b)** Cé mhéad folúntas atá ar an gcúrsa seo?

| | |
|---|---|
| 3 | |
| 20 | |
| 80 | |

**Ceist 9 (a)** Cén cumann atá i gceist anseo?





**Ceist 9 (b)** Cathain a fhoilseofar na póstaeir is fearr?

| | |
|---|---|
| Aibreán | |
| Bealtaine | |
| Meitheamh | |

**Ceist 10 (a)** Cá mbeidh Cáit Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Ag baile | |
| Ag dioscó | |
| I Luimneach | |

**Ceist 10 (b)** Cén cluiche ina mbeidh Síle ag imirt Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| An Poc Fada | |
| Cluiche Camógaíochta | |
| Cluiche Rugbaí | |

**Ceist 11 (a)** Cén fáth a raibh Lisa san oifig thaistil? Bhí sí …

| | |
|---|---|
| ag dul thar lear ar saoire | |
| ag lorg obair shamhraidh | |
| ag dul go Caisleán an Bharraigh | |

**Ceist 11 (b)** Cén áit a bhfuil Colm ag obair?

| | |
|---|---|
| Ionad Spóirt | |
| Bialann McDonalds | |
| Siopa Gruagaire | |

**Ceist 12 (a)** Cén aois atá Nuala inniu?

| | |
|---|---|
| 17 | |
| 18 | |
| 19 | |

**Ceist 12 (b)** Cén áit a mbeidh an chóisir ag Nuala?

| | |
|---|---|
| Sa bhaile | |
| Sa Spáinn | |
| Sa teach tábhairne | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán